# Moltaí maidir le Gaireas Stórála Iniompartha Ginearálta

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

Ar cheann de na príomhoibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) d'eagraíochtaí a dhéanann próiseáil ar shonraí pearsanta ('rialaitheoirí'), nach mór dóibh é sin a dhéanamh ar bhealach a chinntíonn slándáil chuí sonraí pearsanta, lena n-áirítear, cosaint in aghaidh próiseáil neamhúdaraithe agus neamhdhleathach (lena n-áirítear, goid, scrios nó damáiste nó nochtadh) agus úsáid á bhaint as 'bearta iomchuí teicniúla nó eagraíochtúla'. Tagraítear dó seo uaireanta mar phrionsabal 'sláine agus rúndachta' nó 'prionsabal slándála'.

Is oibleagáid thábhachtach atá san oibleagáid seo, agus ceann nach mór do rialaitheoirí a bheith ar an eolas fúithi, go háirithe iad siúd a bhaineann úsáid as nó a stórálann sonraí pearsanta atá íogair. Tá, cibé an bhfuil nó nach bhfuil bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm ag eagraíocht le slándáil na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil acu a chinntiú, ar cheann de na chéad cheisteanna is dóigh a bheidh á cur ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) i gcás sárú i ndáil le sonraí pearsanta nó ó thaobh feidhmiú cumhachtaí imscrúdaithe an DPC. Is féidir le rialaitheoirí comhairle a lorg freisin sa treoir do rialaitheoirí maidir le slándáil sonraí le linn dóibh a bheith i mbun measúnú ar na bearta slándála cuí nach mór dóibh a chur i bhfeidhm.

Cuireann costas stórála leictreonach atá ag ísliú go mór leis an ardú mór ar shonraí pearsanta atá á stóráil le blianta beag anuas, ar ghairis stórála iniompartha go minic, atá mar chúis leis na dúshláin slándála áirithe d'eagraíochtaí atá freagrach as na sonraí sin atá stóráilte.

Ní mór, d'aon eagraíocht atá ag baint úsáid as gairis stórála iniompartha le sonraí pearsanta a stóráil nó a tharchur, a chinntiú go mbíonn bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm, na rioscaí áirithe a bhaineann le húsáid ghairis den sórt sin a bhreithniú, ar nós cailleadh nó rochtain neamhúdaraithe, agus a chinntiú go bhfuil beartais agus bearta teicniúla inmheánacha i bhfeidhm acu leis na rioscaí sin a mhaolú.

## Moltaí chun Gairis Stórála Iniompartha a Úsáid

Ba chóir go gcuideoidh na moltaí thíos le rialaitheoirí ó thaobh a gcuid beartas inmheánach féin ar úsáid na ngaireas stórála iniompartha, lena n-áirítear, maidí cuimhne USB, tiomántáin crua sheachtracha, cártaí micrea-SD, nó fiú cuimhne inmheánach ar ghairis ar nós, fón cliste, táibléid agus ríomhairí glúine. Tá na moltaí seo ginearálta den chuid is mó agus d'fhéadfadh sé go mbeadh an beartas cuí lena gcur i bhfeidhm ag brath ar nádúr agus ar imthosca an rialaitheora sonraí agus na stórála atá i gceist.

- ☑ *Níor chóir* don fhoireann laistigh d'eagraíocht úsáid a bhaint as a ngaireas stórála iniompartha féin le sonraí pearsanta a bhaineann lena gcuid oibre a stóráil. Ní mór go mbeidh an seasamh seo mar chuid de bheartas inmheánach na heagraíochta agus é sin a chur in iúl don fhoireann go léir.
- ☑ Níor chóir ach úsáid a bhaint as gairis stórála iniompartha criptithe tiomántáin iomlán, atá cosanta ag pasfhocal, atá eisithe ag an eagraíocht don fhoireann údaraithe. Níor chóir aon ghaireas neamhúdaraithe a úsáid ar aon cheann de chórais na heagraíochta.
- ☑ Níor chóir gaireas stórála iniompartha atá eisithe ag an eagraíocht a úsáid ar mheaisíní pearsanta nó ar mheaisíní nach leis an eagraíocht iad.
- ☑ Ní mór gairis stórála iniompartha na heagraíochta a thabhairt ar ais nuair a thagann deireadh le tréimhse fhostaíochta an comhalta foirne leis an eagraíocht.
- ☑ Ba chóir d'eagraíochtaí, chun sceitheadh sonraí a chosc, ceadanna srianta a fheidhmiú le foireann a srianadh ó shonraí a chóipeáil ar ghairis stórála iniompartha.
- ☑ Níor chóir ach do dhuine aonair údaraithe amháin na sonraí a stóráil nó a chóipeáil ar ghaireas stórála iniompartha agus dualgais oifigiúla á bhfeidhmiú ag an duine sin. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí úsáid a bhaint as mar réiteach le cailliúint sonraí a chosc.
- ☑ Ba chóir go mbainfí úsáid as cosaint pasfhocail ar ghairis stórála iniompartha a chuimsíonn pasfhocail láidre – ina mbeidh, ar a laghad, dhá charachtar déag agus ceann amháin nó níos mó den mhéid seo a leanas:
    - Litreacha (cás íochtair/cás uachtair)
    - Siombail (&, *, @, €, $, srl.)
    - Uimhreacha (0-9)
    - Poncaíocht (?, ", !, srl.)
- ☑ Scanadh maide chuimhne USB a fhorfheidhmiú do na ríomhairí go léir, cibé uair a chuirtear maide chuimhne USB isteach. D'fhéadfadh sé seo cuidiú lena chinntiú nach bhfuil aon bhogearraí mailíseacha nó cláir mhailíseacha ar fáil ar an maide chuimhne USB.
- ☑ Ba chóir cóip chúltaca a dhéanamh de na sonraí go léir a aistrítear chuig gaireas stórála iniompartha.
- ☑ Cinntigh nach bhfuil sonraí pearsanta a stóráiltear ar ghaireas stórála iniompartha stóráilte ach ar feadh tréimhse ama atá gearr agus go scriostar na sonraí nuair nach dteastaíonn siad níos mó.
- ☑ Sa chás gur indéanta, ní mór go mbeidh dáta éaga ag sonraí a aistrítear chuig gaireas stórála iniompartha.
- ☑ Sa chás gur indéanta, úsáid a bhaint as gairis stórála iniompartha a thacaíonn, trí chianuirlis riaracháin, ciansaoráid míchumasaithe nó glanta.
- ☑ Má chailltear gaireas stórála iniompartha, ba chóir go mbeadh ar chumas na heagraíochta an chóip chúltaca slán is deireanaí a rochtain agus anailís a dhéanamh

ar an gcóip chúltaca slán is deireanaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar cad a cailleadh agus measúnú a dhéanamh ar an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann.

- ☑ Níor chóir gairis stórála iniompartha a fhágáil gan duine ina mbun nuair nach bhfuil siad in úsáid agus ba chóir iad a chur faoi ghlas go slán.
- ☑ Nuair atá gairis stórála iniompartha faoi bhealach, níor chóir iad a fhágáil gan duine ina mbun agus ní mór go mbeidh siad faoi smacht duine údaraithe.
- ☑ Ní mór cothabháil a dhéanamh ar chlár sócmhainní ó thaobh gairis stórála iniompartha go léir na heagraíochta agus den fhoireann údaraithe ar eisíodh na gairis dóibh.
- ☑ Iniúchadh rialta a dhéanamh ar ghairis USB lena chinntiú nach stóráiltear ach amháin doiciméid atá ag comhlíonadh úsáid inghlactha.
- ☑ Ní mór go mbeidh a gcuid sócmhainní ar eolas ag eagraíochtaí agus cuntas cruinn a bheith acu maidir leis na gairis stórála iniompartha atá in úsáid ag an fhoireann. Ní mór iad seo a liostáil de réir úinéir agus úsáide.
- ☑ Níor chóir gairis stórála iniompartha a cheannach agus a úsáid ach amháin ó dhéantóirí agus ó athdhíoltóirí aitheanta a bhfuil dea-chlú orthu.

Ní mór an fhoireann a bhaineann úsáid as gairis stórála iniompartha a chur ar an eolas go bhfuil dualgas cúraim orthu go bhfuil an fhaisnéis pearsanta go léir a choinneáil slán i gcónaí. Ní mór an fhoireann a chur ar an eolas freisin go bhféachfar ar chailliúint sonraí pearsanta mar riosca tromchúiseach, go bhféadfadh impleachtaí a bheith ann don eagraíocht faoi oibleagáidí na heagraíochta faoin GDPR, go háirithe maidir le sáruithe i ndáil le sonraí.

Mar a thugtar ar aird thuas, tá oibleagáid leanúnach ar gach rialaitheoir agus ar gach próiseálaí atá ag feidhmiú thar a gceann an dlí cosanta sonraí a chomhlíonadh, go sonrach faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus faoin GDPR, lena n-áirítear an dualgas le bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur i bhfeidhm le slándáil sonraí pearsanta a chinntiú agus le taifead ar ghníomhaíochtaí próiseála ina bhfuil cur síos ar na bearta a cuireadh i bhfeidhm a chothabháil.

## Ceanglas maidir le Fógra Sáraithe

Tá cailliúint gairis stórála iniompartha mar théama coitianta i go leor fógraí sáraithe i ndáil le sonraí, nuair a ghoidtear nó a chuirtear amú gairis ar a bhfuil sonraí pearsanta orthu, ar nós maidí cuimhne USB, nó ríomhaire glúine. Meabhraítear a gcuid oibleagáidí faoin GDPR d'eagraíochtaí, sé sin sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta a thuairisciú don údarás maoirseachta ábhartha (an DPC in Éirinn), sa chás go mbeidh an sárú mar chúis le riosca do na daoine aonair.

Ní mór d'eagraíochta sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta a thuairisciú don DPC laistigh de 72 uair an chloig ó fhaightear amach faoin sárú. Sa chás go bhféadfadh an riosca a bheith mar chúis le hardriosca do na daoine atá faoi thionchar, ní mór d'eagraíochtaí na daoine seo a chur ar an eolas gan mhoill mhíchuí. Tá tuilleadh treorach ar fhógraí sáruithe le fáil ar láithreán gréasáin an DPC.